

Community Involvement is an opportunity for participants to volunteer with community groups and charities, helping people, animals or the environment, either on their own or through communal activities, without getting paid. Gaisce is often a young person's first experience of volunteering and active citizenship. As we are now more restricted due to COVID-19, Community Involvement can be as close to home as required. Keep in mind that the principle is about positively impacting one or more people, offline or online.

Ideas

- o School homework club
- o Community mural
- o Support people with special needs
- o Help a neighbour
- o Community tidy
- o Charity volunteer
- o Animal welfare volunteer
- o Environmental awareness activities
- o Green flags committee
- o Lifeguarding
- o Sports Coach/referee
- o Local history project
- o Youth club leader
- o Member of arts group
- o Book club
- o School society
- o Community garden

Community Involvement 13-week example: Creating an environmental awareness campaign

1	Get a team together: Assign roles (chairperson, designer, researcher, social media expert). Choose a theme for the environmental awareness campaign (waste, water, energy, climate change etc).
2	Develop a programme: Decide as a group what actions will be undertaken during the campaign, what resources will be needed and develop a step-by-step programme for the remaining weeks.
3	Organise the essentials: There could be the need for permission for parts of the project, sourcing materials and arranging funding if necessary (for arts supplies etc).
4	Develop campaign name & design: Discuss how best to get the message out and what overall goal the group would like to achieve. The design and logo of the project should be decided.
5	Create Resources: Build a supply of resources such as posters and badges or digital information resources if doing an online campaign.
6	Launch Social Media campaign: Use school/group's official website & social media or set up their own specific social media account for the campaign.
7	Begin physical campaign: Officially launch the campaign within your local community, school and/or youth group. Hang posters in common areas and begin spreading the word.
8	Team check in & review: Discuss how the campaign is going. Critically evaluate what is working well and what changes could be made.
9	Hold seminar/webinar: Host an information session in their school/youth group to let other people know what their key message is and to answer any questions that people have.
10	Have a day of action: This can be a day focused around taking a pledge to change your actions/behaviour in favour of the topic the campaign is promoting. Other young people/members of the community can take part in this.
11	Guest speaker webinar: Invite a guest speaker/expert to discuss the theme of the campaign.
12	Evaluate impact: Review the campaign, what worked, what would you do differently?
13	Wrap up campaign: As a group, decide to either complete the campaign or continue the campaign for the next stage of their Gaisce Award.

Participants may undertake Community Involvement activities without PAL supervision, however as the PAL is the default signature on the record sheet, participants will need to provide evidence of the activity they carried out. This can be done through a third-party supervisor (e.g. committee leader) or another means of evidence gathering approved by the PAL.



Is deis é an **Rannpháirtíocht Pobail** do dhaoine óga obair dheonach a dhéanamh le grúpaí pobail agus carthanais a chabhraíonn le daoine, ainmhithe, nó gníomhaíochtaí pobail, gan airgead a fháil as. Is minic gur trí Gaisce a fhaigheann daoine óga a gcéad taithí ar obair dheonach agus ar shaoránacht ghníomhach. I bhfianaise na srianta atá orainn de bharr COVID-19, is féidir an Rannpháirtíocht Pobail a dhéanamh chomh gar don bhaile agus is gá. Ná dearmad gurb é atá i gceist tionchar dearfach a bheith agat ar dhuine amháin nó níos mó, ar líne nó as líne.

Smaointe

- o Club obair bhaile scoile
- o Pictiúr ar bhalla pobail
- o Tacú le daoine a bhfuil riachtanais speisialta acu
- o Cabhrú le comharsa
- o Slacht a chur ar an gceantar
- o Obair dheonach le carthanas
- o Obair dheonach ar leas ainmhithe
- o Coiste bratacha glasa
- o Tarrtháil
- o Oiliúnaí / réiteoir spóirt
- o Tionscadal staire áitiúla
- o Ceannaire ar chlub óige
- o Ball de ghrúpa ealaíon
- o Club leabhar
- o Cumann scoile
- o Gairdín pobail

Sampla de rannpháirtíocht pobail in imeacht 13 seachtaine: Feachtas feasachta comhshaoil a chruthú

1	Bailigh foireann le chéile. Tabhair róil dóibh (cathaoirleach, dearthóir, taighdeoir, saineolaí meán sóisialta). Roghnaigh téama don fheachtas feasachta comhshaoil (dramhaíl, uisce, fuinneamh, athrú aeráide srl.)
2	Déan clár a leagan amach: Socraigh mar ghrúpa cad a dhéanfar le linn an fheachtais, cad iad na hacmhainní a bheidh ag teastáil agus leag amach clár céim ar chéim do na seachtainí atá fágtha.
3	Eagraigh na rudaí riachtanacha: Is féidir go mbeidh ort cead a fháil do chodanna den tionscadal, ábhair a aimsiú agus cistiú a fháil (do sholáthairtí ealaíon srl.).
4	Socraigh ainm & dearadh don fheachtas: Pléigh an tslí is fearr leis an teachtaireacht a chur amach agus cad ba mhaith leis an ngrúpa a bhaint amach ar deireadh thiar. Socraigh dearadh agus lógó an tionscadail.
5	Cruthaigh acmhainní: Bailigh acmhainní: póstaer agus suaitheantais nó acmhainní eolais digiteacha más feachtas ar líne é.
6	Seol feachtas meán sóisialta: Úsáid suíomh gréasáin agus meáin shóisialta oifigiúla nó cruthaigh cuntas meán sóisialta ar leith don fheachtas.
7	Cuir tús leis an bhfeachtas fisiciúil: Seol an feachtas go hoifigiúil i do phobal féin, i do scoil agus/nó grúpa óige. Croch póstaer in áiteanna feiceálacha agus scaip an scéal.
8	Seiceáil isteach agus athbhreithniú foirne: Pléigh an dul chun cinn atá déanta. Féach céard atá ag obair go maith agus cad iad na hathruithe ab fhiú a dhéanamh.
9	Eagraigh seimineár/seimineár gréasáin: Óstáil seisiún eolais sa scoil/sa ghrúpa óige le teachtaireacht an fheachtais a mhíniú do dhaoine agus chun aon cheist atá ag daoine a fhreagairt.
10	Bíodh lá gníomhaíochta agat: Smaoinigh ar lá a chaitheamh ag déanamh gealltanais go n-athróidh tú do mhodh oibre/d'iompar i bhfabhar cibé modh oibre/iompar atá á chur chun cinn san fheachtas. Is féidir le daoine óga/daoine eile sa phobal a bheith páirteach.
11	Seimineár gréasáin ina labhróidh aoichainteoir: Tabhair cuireadh d'aoichainteoir/do shaineolaí chun téama an fheachtais a phlé.
12	Déan measúnú ar thionchar an fheachtais: Cad atá ag obair, cad ba chóir a dhéanamh ar shlí éigin eile?
13	Cuir deireadh leis an bhfeachtas: Mar ghrúpa, pléigh cibé an gcuirfidh sibh deireadh leis an bhfeachtas nó an leanfaidh sibh ar aghaidh leis go dtí an chéad chéim eile de ghradam Gaisce.

Is féidir le rannpháirtithe tabhairt faoi Rannpháirtíocht Pobail gan mhaoirseacht ó PAL, ach de bhrí gurb é an PAL a shíníonn an leathanach taifid, ní mór do rannpháirtithe cruthúnas éigin ar an obair a rinne siad a thabhairt don PAL. Is féidir é seo a dhéanamh le maor tríú páirtí (m.sh. ceannaire coiste) nó trí chruthúnas a bhailiú ar shlí éigin eile a cheadóidh an PAL.